# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

## Clár


RÁITEAS FÍSE .......... 2

COISTÍ & FOIREANN .......... 4

FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH .......... 6

BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2016 .......... 7

1. **STÁDAS DÁTHEANGACH CHATHAIR NA GAILLIMHE .......... 9**
2. **GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2016 .......... 10**
3. **AN COISTE LOGAINMNEACHA .......... 16**
4. **AN GHAILGE SA GHNÓ .......... 17**
5. **AN GHAEILGE AR BHIACHLÁIR .......... 20**
6. **SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA .......... 21**
7. **SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE .......... 23**
8. **ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE .......... 24**
9. **CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINEÁIR .......... 31**
10. **FOILSEACHÁIN 2016 .......... 33**
11. **NA MEÁIN CHUMARSÁIDE .......... 34**

DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE, 2016 .......... 37

# Ráiteas Físe

Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – nach féidir teacht ar cheann acu, gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

# Ár bhFís

Tá léirmhíniú comhaontaithe maidir leis an dátheangachas ag Gaillimh le Gaeilge agus ag páirtithe leasmhara lárnacha i nGaillimh. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na páirtithe leasmhara sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe ina cathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas oifigiúil dátheangach na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábhartha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.



# Páirtíocht

Tá Gaillimh le Gaeilge ag cur an smaoineamh chun cinn go leanúnach, maidir leis an nGaeilge agus íomhá dhátheangach Chathair na Gaillimhe a bheith in úinéireacht an phobail, ó tháinig Gaillimh le Gaeilge ar an bhfód i 1987. D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar leis na grúpaí éagsúla thuas leis an Ghaeilge agus íomhá dhátheangach na cathrach a chur chun cinn.

Tá Gaillimh le Gaeilge tiomanta do chaidrimh a fhorbairt agus a chothabháil le páirtnéirí éagsúla

**Eagraíochtaí a bhfuil Gaillimh le Gaeilge ag obair i gcomhar leo:**

- Roinn Ealaíon, Oidreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
- Bailte Slachtmhara na Gaillimhe
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- Fáilte Ireland - Réigiún an Iarthair
- Fáilte West
- Foras na Gaeilge
- Galway Vision 2040 – Fís gan Teorainn
- Latin Quarter – Fáilte Isteach
- Galway's West End – Tar Siar
- Cónaidhm Óstán na hÉireann
- Cumann Fíoncheannaithe na hÉireann

**Tá Ionadaíocht ag Gaillimh le Gaeilge ar:**

- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
- Grúpa Turasóireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Network Galway [Grúpa do Mhná Gairmiúla agus Gnó]
- Network Chonamara

# Maoiniú

Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Oidreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an Scéim Chairde i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta, le stádas carthanachta, agus dá bhrí sin ina cuideachta nach do bhrabús í.

# Na Coistí agus an Fhoireann

Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le deichniúr Stiúrthóirí, a leagann an polasaí amach. Déanann Bord Stiúrtha Gaillimh le Gaeilge a stiúradh, le hionadaithe ó na Rannóga Poiblí agus Príobháideacha, agus eagrais pobail agus comhlachtaí príobháideacha.

# An Bord Stiúrtha

| | |
|---|---|
| **Bernadette Mullarkey** | Bane Mullarkey [Cathaoirleach] |
| **Seán Stewart** | Stewart |
| **Barry O'Sullivan** | Príomhfheidhmeannach, Altocloud |
| **Máire Mhic Aodha** | Leas-Bhainisteoir, Banc na hÉireann |
| **Aindriú D'Arcy** | Iar-Cheann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe -Maigh Eo |
| **Dr Iognáid Ó Muircheartaigh** | Uachtarán/President Emeritus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **Pádraic Ó Ráighne** | Feidhmeannach Margaíochta TG4 |
| **Isbéal Nic Aoidh** | Múinteoir, Coláiste Paitríoch Naomh Seosamh |
| **Caitlín Nic an Ultaigh** | Bainisteoir Fiontraíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **Pádraig Ó Beaglaoich** | Iar-Phríomh Oifigeach san Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta |



# An Coiste Logainmneacha

| | |
|---|---|
| **Helen Coleman (Cathaoirleach)** | Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Pat Sweeney** | An Post |
| **An Comhairleoir Dónal Lyons** | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **An Dr Nollaig Ó Muraile** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **An Dr Jim Higgins** | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Matt Cunningham** | BSL |
| **Mary Flynn** | Ionadaí Pobail |
| **Bríd Ní Chonghóile** | Gaillimh le Gaeilge |

# An Fhoireann

| | |
|---|---|
| **Ardfheidhmeannach** | Bríd Ní Chonghóile |
| **Bainisteoir Tograí** | Gearóidín Hynes |
| **Riarthóir Oifige** | Mícheál Ó Ceallaigh |

# Focal ón gCathaoirleach

## Bernadette Mullarkey, Stiúrthóir Bane Mullarkey




Tá ríméad orm gur ainmníodh mé mar Chathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge i mbliana agus tá mé ag súil go mór le leanúint leis agus le tógáil ar an obair atá déanta ag an bhfear a tháinig romham, Iggy Ó Muircheartaigh, agus ag Iar-Chathaoirligh eile. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis an mBord Stiúrtha agus muid i mbun tograí fuinniúla agus spreagúla sa bhliain amach romhainn.

Is cúis áthais agus bróid dúinn gur éirigh linn ceann de phríomhspriocanna Ghaillimh le Gaeilge 'Stádas Dátheangach do chathair na Gaillimhe' a thabhairt chun críche i mbliana le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Lá mór don Ghaeilge agus do Ghaillimh ar aon nuair a d'fhógair Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, cathair na Gaillimhe mar an chéad chathair in Éirinn le stádas dátheangach ag searmanas speisialta ar an Luan, an 7 Márta 2016 i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá obair mhór fós le déanamh agus Gaillimh á cruthú féin mar an chéad chathair in Éirinn a bhfuil stádas speisialta dátheangach aici. Don bhliain amach romhainn, tá deiseanna nua le tapú againn mar chathair dhátheangach agus mar Chathair Seirbhíse Gaeltachta. Leis an tacaíocht chuí, leanfaidh Gaillimh le Gaeilge ar aghaidh ag forbairt na tógraí éagsúla sonraithe sa tuairisc bhliantúil seo agus ag cur le húsáid na Gaeilge i nGaillimh an suíomh is mó le rá ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil agus ár mbuíochas a chur in iúl don Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta as a dtacaíocht riachtanach dúinn i gcónaí. Bíonn cabhair agus tacaíocht ar fáil chomh maith ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Chumann Tráchtála na Gaillimhe tríd an scéim Cairde Ghaillimh le Gaeilge.

Tá buíochas ar leith le gabháil leis na daoine a thugann a gcuid ama go deonach do Ghaillimh le Gaeilge, Coiste Logainmneacha na Gaillimhe agus do bhaill an Bhord Stiúrtha.

**Go mba fada buan sibh.**



**Bernadette Mullarkey**

Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge



# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2016

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labhrófar í. Is laistigh de thimpeallacht normálaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

**Tá tograí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach; ina measc tá:**

1. STÁDAS DÁTHEANGACH & PRÍOMHCHATHAIR CHULTÚIR NA hEORPA 2020
2. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2016
3. AN COISTE LOGAINMNEACHA
4. AN GHAEILGE SA GHNÓ
5. AN GHAEILGE AR BHIACHLÁIR
6. SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA
7. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE
8. ÓCÁIDÍ CHAIRDE GAILLIMH LE GAEILGE
9. CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINÉAR
10. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE



# 1 STÁDAS DÁTHEANGACH

## Stádas Dátheangach fógartha do Ghaillimh

D'fhógair Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, cathair na Gaillimhe mar an chéad chathair in Éirinn le stádas dátheangach ag searmanas speisialta ar an Luan, 7 Márta 2016 i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is cúis bhróid agus sásaimh dúinne i nGaillimh le Gaeilge atá ag treabhadh sa ghort áirithe seo le blianta fada go bhfuil an stádas dátheangach, ceann de phríomhspriocanna Ghaillimh le Gaeilge bainte amach don chathair.

Tá ár mbuíochas ag ghabháil do Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy as ucht an sprioc seo a thiomáint agus le Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe as ucht a gcuid dtacaíocht anuas tríd na blianta. Tá ár mbuíochas tuillte chomh maith do Brendan McGrath, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



**Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, agus a Bheanchéile Saidhbhín Uí Uigínn Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Brendan McGrath, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Ailish Bhreathnach i dteannta Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe.**

## Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020

Gaillimh 2020 Galway

Tá an Ghaeilge lárnach i gcothú atmaisféar beo fuinniúil na Gaillimhe agus i gcáil na cathrach mar chathair chultúrtha. I rith na bliana, lean muid ar aghaidh ag cur seirbhís aistriúcháin ar fáil do fhoireann 'Gaillimh 2020'. Is cinnte gur chuidigh úsáid forleathan na Gaeilge sa chathair le Gaillimh áit a bhaint amach ar ghearrliosta Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. Cuireadh



**Ó Chlé: Gearóidín Hynes, Gaillimh le Gaeilge, Caitlín Nic an Ultaigh, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Iggy Ó Muircheartaigh, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, Pádraig Ó Beaglaoich, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge agus Frank Greene, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe.**

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

# 2 GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2016

Is í aidhm an Ghradaim ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí i gCathair na Gaillimhe a thaispeánann an Ghaeilge in úsáid ar bhealach dáiríre, cruthaitheach agus feiceálach ina ngnó/eagraíocht agus a léiríonn an tionchar atá aige seo ar an bhfoireann agus ar íomhá dhátheangach na Cathrach. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gcomhar leis an Galway Advertiser agus le tacaíocht Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ainmníodh an Gradam in onóir an Uasail Sheosaimh Uí Ógartaigh (nach maireann), ball bunaithe agus rúnaí cuideachta Ghaillimh le Gaeilge.

## Preasócáid do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh

Sheol Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016 ag preasócáid i Halla na Cathrach ar an Déardaoin, 7 Aibreán 2016. Ag an bpreasócáid, d'fhógair an Méara urraí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016 agus chuir sé dhá urra nua náisiúnta i láthair. Sin iad: **The Sunday Business Post agus TG4**



**Ar Chúl:** Dónall Ó Braonáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, [Urra ar an gCatagóir 'Comhlachtaí Eile'], Ronan Walsh, Snap Galway, [urra ar an gCatagóir 'Seirbhísí'], Declan Varley agus Penny Masterson, Galway Advertiser, [príomhurra an Ghradaim], Pat Joyce, Ollmhargadh na Seoighe, [Buaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2015], Neil Molloy, Galway Bay FM, [urra ar an gCatagóir 'Miondíol'], Aindriú D'Arcy, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Geraldine Lardner, Fáilte Ireland, [urra ar an gCatagóir 'Fáilteachas agus Turasóireacht']. **Chun tosaigh:** Maeve Joyce, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, [urra an Ghradaim] Aisling Joyce, Ollmhargadh na Seoighe, [Buaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2015], Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, [urra an Ghradaim] agus Ailish Bhreathnach, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



## Fógairt Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Ógartaigh

D'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy an 12 ghnólacht atá tar éis cáiliú don bhabhta deiridh de Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016, ag preasócáid in Ionad na Faiche Móire, ar an Mháirt, 11 Aibreán 2016. Ghlac 20 gnó páirt sa Ghradam, agus orthu sin bhí 9 gcomhlacht nua istigh ar an nGradam den chéad uair. Seo thíos na comhlachtaí a ghlac páirt i nGradam na bliana seo.



**Ar Chúl:** Niall Faherty, Faherty Paints, Fidelma Sheridan, C-SideSound, Emma Dillon-Leetch, The Connacht Hotel, Avril Smith, Ionad na Faiche Móire, Dónall Ó Braonáin, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ, Gaillimh, (urra ar an gcatagóir 'Comhalchtaí Eile'), Cillín De Búrca, Brasserie on the Corner, Paul Murphy, Péarla na Mara, Áine Ní Thuathail, Top Oil, Mairéad Melody, Clayton Hotel Galway agus Ronan Walsh, Snap Galway, (urra ar an gcatagóir 'Seirbhísí') **Sa lár:** Neil Molloy, Galway Bay FM, (urra ar an gcatagóir 'Miondíol'), An Dr. Gráinne Ní Uallacháin, Ionad Leighis an Chaisleáin Nua, Michaela McDermott, Siopa Leabhar Charlie Byrne, Joanna Zalech, OLYART, Justyna Kochan, Péarla na Mara, Niamh Costello, Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta, (urra an Ghradaim) **Chun Tosaigh:** Conor O'Dowd, Leas Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, (urra an Ghradaim), Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, (a d'fhógair Gearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016), Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Declan Varley, Galway Advertiser, (príomhurra an Ghradaim) ag freastal ar phreasócáid chun fógairt a dhéanamh ar Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016.

**MIONDÍOL:** Áil Rúin, Cógaslann & Áilleacht CARA, Mála, Ollmhargadh na Seoighe, Peter Murphy Lighting & Electrical, Siopa Péinteanna Uí Fhatharta agus Stoves & Fireplaces

**FÁILTEACHAS & TURASÓIREACHT:** Brasserie on the Corner, Seodóirí an Chladaigh, The Dáil Bar agus The Front Door

**SEIRBHÍSÍ:** Cope na Gaillimhe, C-SideSound, Ióga na Rinne Móire, Súil Nua Architecture Ltd
agus Tí Tighe Fascinators 7 Fáiscín

**COMHLACHTAÍ EILE:** CLG Bhóthar na Trá/Chnoc na Cathrach, Consult Conor, iSupply agus MÓRpr.

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## Bronnadh an Ghradaim, 2016

Bhronn Joe McHugh T.D., Iar-Aire Stáit na Gaeltachta, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Top Oil, Bóthar Thuama, Gaillimh ag searmanas speisialta a bhí ar siúl in Óstán an Westwood, Déardaoin, an 12 Bealtaine 2016.

Fógraíodh iad mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Seirbhísí', urraithe ag Snap Galway, agus chuaigh said ar aghaidh ansin chun an Gradam iomlán a bhaint amach.

Fógraíodh Faherty Paints mar bhauiteoir ar an gcatagóir 'Miondíol', urraithe ag Galway Bay FM; The Connacht Hotel mar bhuaiteoir ar an gcatagóir 'Turasóireacht agus Fáilteachas', urraithe ag Fáilte Ireland; Ionad Teicneolaíocht na Gaillimhe mar bhuaiteoir ar an gcatagóir 'Comhlachtaí Eile' urraithe ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Áine Ní Thuathail, Top Oil, Bóthar Thuama, Gaillimh, (buaiteoirí iomlán Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh), Aelmuire Ní Ógartaigh, Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge i láthair ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016 in Óstán an Westwood, An Daingean, Gaillimh.



"Táimid an-bhródúil as Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhuachan, go mór mór toisc gur comhlacht Éireannach muid. Is aitheantas iontach é seo dúinn agus is de thoradh obair na gcapall a d'éirigh linn é a bhaint amach. Táimid mórálach freisin aitheantas a fháil mar an cúigiú treibh déag i nGaillimh!"

Foireann Top Oil na Gaillimhe (buaiteoirí iomlán Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh) i dteannta Conor O' Dowd, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, agus An Teachta Dála Seán Kyne. Chun Tosaigh: Proinséas Ó hÓgartaigh, Cairde Ghaillimh le Gaeilge, Áine Ní Thuathail agus Tony Ó Laoi, Top Oil, Bóthar Thuama, Gaillimh, Joe McHugh T.D., Iar-Aire Stáit na Gaeltachta agus Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy i láthair ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016 in Óstán an Westwood, An Daingean, Gaillimh.





## Bronnadh Speisialta na Moltóirí

Bhí caighdeán na n-iontrálacha sa Ghradam i mbliana an-ard. Léiriú air seo is ea Bronnadh Speisialta na Moltóirí – tugtar aitheantas anseo do ghnólacht a chuir isteach ar an nGradam den chéad uair agus a bhain caighdeán an-ard amach ar cheart aitheantas a thabhairt dó. Judy Greene Pottery a rinne urraíocht ar an duais seo, agus is ar Phéarla na Mara, Bóthar Chnoc an Dalláin Íochtarach, Gaillimh a bronnadh é.

## Scoláireacht Ollscoile den chéad uair i mbliana

Bhronn na Moltóirí Scoláireacht Ollscoile, urraithe ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar ghnó atá ag déanamh iarracht faoi leith chun 'Seirbhís i nGaeilge' a fhorbairt dá gcuid custaiméirí. Bronnadh an scoláireacht seo ar Michaela McDermott, Siopa Leabhar Charlie Byrne. Is cúrsa sealbhaithe teanga, An Dioplóma sa Ghaeilge, cáilíocht Ollscoile agus cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain, atá sa tairiscint seo.




Joe McHugh T.D., Iar-Aire Stáit na Gaeltachta ag bronnadh 'Bronnadh Speisialta na Moltóirí' ar Justyna Kocja, Péarla na Mara, urraithe ag Judy Greene, Judy Greene Pottery, ag Bronnadh Ghradam Sheosimh Uí Ógartaigh in Óstán an Westwood, An Daingean, Gaillimh.



Dónal Ó Braonáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh (urra an Ghradaim) Joe McHugh T.D., Iar-Aire Stáit na Gaeltachta ag bronnadh an Scoláireacht Ollscoile ar Michaela McDermott, Siopa Leabhar Charlie Byrne, An tSráid Láir, Gaillimh.




Roinnt d'Urraí an Ghradaim; Dónall Ó Braonáin, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ, Gaillimh (urra ar an gcatagóir 'Comhlachtaí Eile') Anne Melia, Fáilte Ireland (urra ar an gcatagóir 'Fáilteachas & Turasóireacht') Conor O' Dowd, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe (Urra an Ghradaim) Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta (Urra an Ghradaim) agus Pádraic Ó Ráighne, TG4 (Urra an Ghradaim) agus Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016 in Óstán an Westwood, An Daingean, Gaillimh.

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## Treibheanna Nua na Gaillimhe




**Buaiteoirí na gCatagóirí:** Niall Faherty, Faherty Paints (an catagóir 'Miondíol' urraithe ag Galway Bay FM,) Emma Dillon-Leetch, The Connacht Hotel, (an catagóir 'Turasóireacht agus Fáilteachas' urraithe ag Fáilte Ireland) Tony Ó Laoi, Top Oil, Bóthar Thuama, Gaillimh (an catagóir 'Seirbhísí' urraithe ag Snap Galway agus buaiteoir iomlán an Ghradaim) agus Niamh Costello, Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe , Páirc Gnó Mervue, Gaillimh.

Rinneadh físeán de Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus d'uaslódáil siad é ar a gcuid meáin shóisialta. Scaipeadh an físeán ar ár gcainéal YouTube chun léargas a thabhairt ar obair ghnólachtaí na Gaillimhe agus ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh Cuireadh pacáiste poiblíochta le chéile agus seoladh é chuig urraí uile Ghradam 2016.

## Moltóirí an Ghradaim

Ar phainéal moltóireachta na bliana 2016 bhí; an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan Scoil an Ghnó, COBÁC; Sonya Nic Lochlainn, Údarás na Gaeltachta agus Bernadette Mullarkey ó Bane Mullarkey agus Stiúrthóir de chuid Ghaillimh le Gaeilge. Ár mbuíochas leo ar fad.



## Urraí an Ghradaim:

Galway Advertiser www.advertiser.ie

The Sunday Business Post

TG4

Fāilte Ireland

Galway Bay FM

OÉ Gaillimh NUI Galway

ARÓ Digital Strategy

sn@p print design websites

Galway Chamber I mBun Gnó ar son Gnó

The Solution Guys Score Your Business

Údarás na Gaeltachta

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

# 3 AN COISTE LOGAINMNEACHA

Tá ionadaithe ar Choiste Logainmneacha na Gaillimhe ó heagraíochtaí sa chathair le cúlraí agus saineolas éagsúla, ionas go mbeidh ainmneacha á roghnú agus baint acu leis an gceantar ina bhfuil siad, chomh maith le timpeallacht fhisiciúil na cathrach.

**Seo a leanas na heastáit agus an bóthar a ainmnaíodh i mbliana:**

- Ionad Pobail an Chaisleáin Ghearr agus Bhaile an Phoill
- Plás na Díge, Bóthar na Díge, Gaillimh
- Bóthar Bhaile na mBúrcach (ainm do bhóthar nua ag dul isteach chuig Coláiste na Coiribe, i gCnoc na Cathrach).









**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

# 4 AN GHAEILGE SA GHNÓ

Bhí bliain ghnóthach agus tháirgiúil againn in 2016. Lean muid ar aghaidh ag treisiú agus ag láidriú úsáid na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe. D'úsáid 57 gnólacht an Ghaeilge ina gcuid gnólachtaí i 2016. As an líon gnólachtaí seo, d'oibrigh Gaillimh le Gaeilge le 34 gnólacht den chéad uair i mbliana.

Tá an tseirbhís 'An Ghaeilge sa Ghnó' ann chun comhlachtaí a threorú tríd an bpróiseas chun Gaeilge a shní isteach ina ngnó, is cuma an beagán Gaeilge nó gnó iomlán dátheangach atá uathu.




Rásaí na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh





Siopa Leabhar Charlie Byrne's, An tSráid Láir




Claddagh Jewellers, Sráid an Phríomhgharda




Ionad na Faiche Móire, An Fhaiche Mhór




Peter Murphy's Lighting & Electrical, Aonad 2,
Páirc Gnó an Taoibh Thiar




Bialann Seven, Sráid an Droichid






Siopa COPE, Sráid San Aibhistín, Gaillimh




Dúchas na Gaillimhe,  Lána Druid, Gaillimh




Ollmhargadh na Seoighe, Cnoc na Cathrach



Áil Rúin, Barr an Chalaidh




Faherty's, Barr an Chalaidh




Mála, Sráid an Phríomhgharda





Ollmhargadh na Seoighe, Cnoc na Cathrach,

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## #GRMAGaillimh

Rinne dhá ghnó cáiliúil anseo sa chathair teagmháil le Gaillimh le Gaeilge leis an smaoineamh gur mhaith an rud fostaithe i ngnólachtaí na cathrach a spreagadh chun frásaí beaga simplí Gaeilge a úsáid agus iad ag déileáil le custaiméirí. Chun freastal a dhéanamh ar an éileamh seo, d'fhorbair Gaillimh le Gaeilge an scéim #GRMAGaillimh i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe agus an Latin Quarter. Is í an aidhm atá leis an scéim seo ná an teanga labhartha a bheith i lár an aonaigh ar shráideanna na Gaillimhe ionas go gcloisfidh agus go mothóidh cuairteoirí agus muintir na Gaillimhe araon an carachtar dátheangach atá ag Gaillimh.




**What Gaeilge means for Gaillimh/Galway**

- The Irish language is worth in excess of €136 million annually to the local economy, and supports over 5,000 jobs
- The Irish language will help make Gaillimh | Galway the odds-on favourite to become the European Capital of Culture 2020
- Gaillimh | Galway is the first city in Ireland to receive Bilingual Status
- 90% of city businesses believe that the language is a **unique selling point** for Galway's image and cultural identity.

**Interaction "as Gaeilge" between Employee and Customer**

| EMPLOYEE (GAEILGE) | ENGLISH | PHONETICS | CUSTOMER (LIKELY RESPONSE) | ENGLISH | PHONETICS |
|---|---|---|---|---|---|
| Go raibh míle maith agat | Thank you very much | Guh ruh meela moh a-gut | Tá fáilte romhat | You are welcome | Thaw fawl cheh roa-th |
| Lá maith agat | Have a good day | Law moh a-gut | Agus tú féin or/nó Míle buíochas | You too, and/or Thanks | A gus too fane Mee-la bee chus |
| Slán | Goodbye | Slawn | Slán go fóill | Goodbye for now | Slawn guh foal |

Sheol an Comhairleoir John Walsh an scéim phíolótach agus é ag déanamh ionadaíochta ar Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy sa Treasure Chest mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge. Tá leagan Béarla agus litriú foghraíochta leis na frásaí simplí Gaeilge seo atá éasca le húsáid don té nach bhfuil Gaeilge acu agus don té a bhfuil Gaeilge acu.

Scaip Gaillimh le Gaeilge na leabhráin i measc lucht gnó na cathrach agus is féidir leat an físeán de na frásaí in úsáid a fheiceáil ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge. **www.gleg.ie**




Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Mary Bennett, Treasure Chest, Maeve Joyce, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus an Comhairleoir John Walsh ag déanamh ionadaíochta thar ceann Mhéara Chathair na Gaillimhe, Cllr Frank Fahy ag seoladh #GRMAGaillimh i Siopa Treasure Chest.



Cormac McGuckian, Cathaoirleach Chumann Gnó Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir John Walsh ag déanamh ionadaíochta thar ceann Mhéara Chathair na Gaillimhe, Cllr Frank Fahy agus Brendan Holland, Úinéir Siopa Hollands, Sráid Gheata Liam, Gaillimh ag seoladh #GRMAGaillimh i Siopa Treasure Chest.



# 5 AN GHAEILGE AR BHIACHLÁIR

Mar gheall ar an gcáil atá ar Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach, is minic a thagann grúpaí nó eagraíochtaí Gaeilge chuig an gcathair mar gheall ar an teanga De bharr an éilimh seo, chuir Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le bialanna na Gaillimhe liosta le chéile de na bialanna a chuireann biachláir dhátheangacha ar fáil go leanúnach. Bíonn Lón Gnó Ghaillimh le Gaeilge, a eagraítear go míosúil, sna bialanna atá liostaithe.

Tá 16 bialanna liostaithe **www.gleg.ie** mar bhialanna a bhfuil biachláir dhátheangacha nó a bhfuil ceannteidil dhátheangacha acu. Tá an uimhir seo á uasdátú go rialta:

**Seo a leanas na bialanna le biachláir dhátheangacha i gcathair na Gaillimhe:**

- Beár & Bialann Lohans
- Bialann Kashmir
- Brasserie on the Corner
- Cellar Bar
- Connacht Hotel- Bar Solo
- Cupán Tae
- Dáil Bar
- Menlo Park Hotel
- Monroe's Tavern
- Óstán an Ardilaun
- Óstán an Park House
- Teach na Céibhe
- The Galleon Restaurant
- The King's Head
- Tigh Neachtain
- Tigh Taaffes







# 6 SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA www.gleg.ie

Leanadh le linn na bliana le forbairt an tsuíomh gréasáin www.gleg.ie le cinntiú go mbeadh sé iomlán cruinn agus ceart i gcónaí ó thaobh an eolais is deireanaí i dtaca le gach gné d'obair Ghaillimh le Gaeilge. Ar an meán thug 2,252 duine cuairt ar an suíomh gréasáin www.gleg.ie gach mí idir Eanáir agus Nollaig 2016. I mí an Mhárta a bhí buaicphointe na gcuairteanna le (5,275) cuairt.

| MÍ | EAN | FEA | MÁR | AIB | BEAL | MEITH | IÚIL | LÚN | MF | DF | SAM | NOLL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCuairteoirí | 2,193 | 2,396 | 4,155 | 2,347 | 2,283 | 1,250 | 1,033 | 1,260 | 2,615 | 2,818 | 2,824 | 1,851 |
| Líon na gCuairteanna | 2,669 | 2,892 | 5,275 | 3,006 | 2,857 | 1,552 | 1,263 | 1,509 | 3,271 | 3,566 | 3,614 | 2,438 |

## Cuairteanna ar www.gleg.ie




Líon na gCuairteoirí agus líon na gCuairteanna ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge le linn 2016.




# Na Meáin Shóisialta

Déanann Gaillimh le Gaeilge teagmháil rialta lena lucht leanúna ar Twitter agus ar Facebook.

D'éirigh le Gaillimh le Gaeilge líon na leantóirí ar an dá shuíomh shóisialta seo a mhéadú le linn 2016:

| | Líon na Leantóirí 2015 | Líon na Leantóirí 2016 | Méadú |
|---|---|---|---|
| **Twitter** | 2,193 | 2,565 | 16.9% (372 leantóir) |
| **Facebook** | 957 | 1,264 | 32% (307 leantóir) |



**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**


# 7 SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

## Tacaíocht Mhuintir na Gaillimhe do chur chun cinn na Gaeilge sa chathair


Bhunaigh Gaillimh le Gaeilge scéim Chairde Ghaillimh le Gaeilge in 2001 i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe chun freastal ar éileamh an phobail ar sheirbhísí Ghaillimh le Gaeilge agus mar thoradh ar riachtanais forbartha.

Bíonn baill Cairde as gach earnáil ghnó i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear seirbhísí miondíolacháin agus seirbhísí airgeadais maraon leis na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, iompair agus corparáideacha.

In 2016, chláraigh 116 gnó le Gaillimh le Gaeilge agus tá os cionn 400 duine ar phostliosta Ghaillimh le Gaeilge.




Cairde Ghaillimh le Gaeilge 2016 de réir na hearnálacha gnó.




Briseadh síos ar Chairde Ghaillimh le Gaeilge 2016.



# 8 ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge 4 lón gnó agus 6 ócáid neamhfhoirmeálta eile i rith 2016, agus bhí tinreamh ard ag na hócáidí seo go léir. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge a gcuid lónta gnó rialta in óstáin agus bialanna a chuireann biachláir dhátheangacha ar fáil agus atá páirteach sa scéim 'An Ghaeilge ar Bhiachláir'. Tugann na hócáidí neamhfhoirmiúla seo deis do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh agus cairde agus teagmhálaithe gnó a dhéanamh.

## IMEACHTAÍ LÓNTA GNÓ

| | | |
|---|---|---|
| D Fómhair/ Samhain 2016 | Teach na Céibhe | **Lón Gnó mhí Dheireadh Fómhar/ mhí na Samhna** |
| M.Fómhair 2016 | Brassaire on the Corner | **Lón Gnó mhí Mheán Fómhair** |
| Aibreáin 2016 | Kirby's of Cross Street | **Lón Gnó mhí Aibreáin** |
| Eanáir 2016 | Viña Mara | **Lón Gnó mhí Eanáir** |



Eileen Feeney, Viña Mara agus Méara Chathair na Gaillimhe, an comhairleoir, Frank Fahy ag Lón Gnó mhí Eanáir Ghaillimh le Gaeilge i mBialann Viña Mara, An tSráid Láir.



Rachael Stewart, Stewart, agus Avril Smith, Bainisteoir Ionad na Faiche Móire ag freastal ar lón Gnó mhí Aibreáin i mBialann Kirbys of Cross Street, An tSráid Láir.

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge 2016

Bhain idir Chairde agus Stiúrthóirí Ghaillimh le Gaeilge an-sult as tráthnóna álainn ceoil agus amhránaíochta ag a bhFulacht Fia bliantúil a reáchtáladh Déardaoin an 23 Meitheamh in The Ardilaun Hotel, an Bóthar Ard, Gaillimh. Buíochas dár gCairde; Ollmhargadh na Seoighe, Stewart agus Top Oil, a rinne urraíocht ar an bhFulacht Fia.

Ag an bhFulacht Fia, d'fhógair Gaillimh le Gaeilge a gCathaoirleach nua, Bernadette Mullarkey. Tá Bernadette Mullarkey ar dhuine de bhunaitheoirí Bane Mullarkey, sainchomhairleoireacht a bunaíodh i nGaillimh in 2002 chun seirbhísí straitéise margaíochta agus pleanála gnó a chur ar fáil do chliaint sna hearnálacha poiblí, príobháideacha, neamhbhrabúis agus pobail. Beidh Bernadette ag teacht i gcomharbacht ar an Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, a bhfuil seacht mbliana rathúla curtha de mar fhear stiúrach Ghaillimh le Gaeilge.

## Urraí an Fhulachta Fia




Paul Stewart, Stewart, (Urra an Fhulacht Fia), John Ryan, Óstán an Ardoileáin, An Comhairleoir Mike Cubbard, An Dr. Aodhán Mac Cormaic, Roinn na Gaeltachta, Pat Joyce, Ollmhargadh na Seoighe agus Áine Ní Thuatháil, Top Oil, (Urra an Fhulacht Fia) ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh.



Seán Stewart, Stewart, (Urra an Fhulacht Fia), Bernadette Mullarkey, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, An Comhairleoir Mike Cubbard a bhí ag déanamh ionadaíocht thar ceann Méara Chathair na Gaillimhe, Pat Joyce, Ollmhargadh na Seoighe, (Urra an Fhulacht Fia) agus Áine Ní Thuatháil, Top Oil, (Urra an Fhulacht Fia) ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh.







Adele Ó Meallaigh, Seán Ó Cearbhaill, Ó Cearbhaill & Co Aturnaetha, Pauline O' Dwyer, EmployAbility Galway agus Aindriú D'Arcy Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh

Bernadette Prendergast, Galway Bay FM, Declan Varley, Galway Advertiser agus Máire Uí Churraoin, Roinn na Gaeltachta ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh



# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

Thar ceann Mhéara Chathair na Gaillimhe, ghuigh leas-Mhéara chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard gach rath ar Bernadette ina ról nua agus dúirt;

"Cuid fíorthábhachtach d'fhéiniúlacht Chathair na Gaillimhe í an Ghaeilge. Tá meascán saibhir cultúrtha againn anseo sa chathair a mheallann gnónna agus turasóirí araon. Tugann an Ghaeilge 'luach breise' do Ghaillimh, go háirithe i réimse na turasóireachta agus is cinnte go gcaithfear í a chothú agus a chaomhnú. Tá muide i gComhairle Cathrach na Gaillimhe an-sásta go bhfuil muid in ann coinneáil orainn ag tabhairt tacaíochta airgeadais do Ghaillimh le Gaeilge agus don obair a dhéanann siad i gcur chun cinn na teanga sa chathair."

Cuireann Fulacht Fia bliantúil Ghaillimh le Gaeilge críoch oifigiúil le himeachtaí sóisialta na heagraíochta go dtí an Fómhar arís. Tá Gaillimh le Gaeilge buíoch dóibh siúd go léir a tháinig chuig an ócáid agus dóibh siúd a thug tacaíocht i rith na bliana, An Roinn Gnóthaí Tuaithe, Forbairt Réigiúnda, Ealaíon agus Gaeltachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus na meáin chumarsáid, san áireamh. Gabhann siad buíochas chomh maith le foireann The Ardilaun Hotel a chur seirbhís den scoth ar fáil agus as ucht urraíocht a dhéanamh ar dheoch álainn an tSamhraidh do na Cairde go léir a bhí i láthair.




**Catherine Connolly T.D., An Comhairleoir Mike Cubbard, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Bernadette Mullarkey agus Maurice O'Gorman, Leas Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh.**






Aisling Joyce, Ollmhargadh na Seoighe, (Urra an Fhulacht Fia), Margaret McCarthy, agus Margaret Jenkins, The House Hotel agus Cathaoirleach *The Latin Quarter* ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh.



Colette Coughlan, COPE Galway, Áine Kilgannon, Hand in Hand agus Ciara O'Callaghan, McInerney Solicitors ag baint sult as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun Hotel, An Bóthar Ard, Gaillimh.

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## Cóisir na Nollag

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge a gCóisir bhliantúil Nollag in Óstán an Harbour ar an gCéadaoin, 14 Nollaig 2016. Ag an ócáid, chuir Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Bernadette Mullarkey fáilte roimh Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Noel Larkin agus ghabh sí buíochas le Comhairle Cathrach na Gaillimhe as maoiniú de €50,000 a chur ar fáil do 2017.

Ina theannta sin, ghabh Bernadette Mullarkey buíochas leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta as ucht a dtacaíocht agus chaith sí súil siar ar an mbliain atá thart.

Ba é buaicphointe na bliana do Ghaillimh le Gaeilge ná nuair a d'fhógair Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn cathair na Gaillimhe mar an chéad chathair in Éirinn le stádas dátheangach. D'éirigh go breá le Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, Gradam Gnó dátheangach na Gaillimhe agus thug Top Oil, Bóthar Thuama, Gaillimh leo an phríomhdhuais. In 2016, d'oibrigh Gaillimh le Gaeilge le 34 gnólacht nua a d'úsáid an tseirbhís 'An Ghaeilge sa Ghnó' don chéad uair.



Roinnt de Stiúrthóirí Ghaillimh le Gaeilge, Pádraig Ó Beaglaoich, Aindriú D'Arcy, Máire Mhic Aodha, Iggy Ó Muircheartaigh agus Barry O' Sullivan i dteannta Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Noel Larkin agus Bainisteoir Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Maeve Joyce ag Cóisir Nollag Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Harbour, Bóthar na nDuganna, Gaillimh.



Áine Walsh, Misneach Healing Therapies, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Noel Larkin, an Comhairleoir Pádraig Conneely, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Bernadette Mullarkey, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge ag Cóisir Nollag Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Harbour, Bóthar na nDuganna, Gaillimh.



## Aonach Nollag

Ag ár gCóisir bhliantúil Nollag i mbliana, bhí aonach beag Nollag a thug deis do Chairde Ghaillimh le Gaeilge bronntanais Nollag a cheannach agus an Ghaeilge in úsáid sa bhranda acu.

Bhí seastáin ag An Spailpín Fánach, Siopa Leabhar Charlie Byrne, Ollmhargadh na Seoighe, Judy Greene Pottery agus Tigh Standún agus réimse leathan dá dtáirgí Gaeilge á ndíol acu.




Clíona Standún agus Deirdre Ní Ghríofa, Standún ag Cóisir Nollag Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Harbour, Bóthar na nDuganna, Gaillimh.




Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Noel Larkin le Géaróid Ó Murchú ón Spailpín Fánach, An Spidéal ag an Aonach Beag Nollag a bhí ar siúl ag Cóisir Nollag Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Harbour, Bóthar na nDuganna, Gaillimh.

## Crannchur beag chun cuidiú le COPE Gaillimh

Ghlac Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge páirt sa bhfeachtas 'Codladh Amuigh' a bhí eagraithe chun airgead a bhailiú do COPE Gaillimh agus do dhaoine gan dídean sa chathair.

Chun cuidiú leis an bhfeachtas seo, d'eagraigh Gaillimh le Gaeilge crannchur beag ag a gcóisir bhliantúil. Dheonaigh na comhlachtaí uile a bhí ag glacadh páirte san Aonach Nollag duaiseanna go fial, flaithiúil don chrannchur maraon le McCambridge's of Galway agus bailíodh €290 tríd an gcrannchur.




Gearóidín Hynes agus Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge ag bailiú airgid don bhfeachtas 'Codladh Amuigh' eagraithe ag COPE Gaillimh.



# 9 CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR /SEIMINEÁR

Tá cumarsáid leanúnach agus rannpháirtíocht sa phobal i gcoitinne ríthábhachtach agus chuige sin freastalaíonn foireann Ghaillimh le Gaeilge ar imeachtaí gnó agus líonraí a eagraítear i gCathair na Gaillimhe. Is cuid lárnach d'obair Ghaillimh le Gaeilge iad na cruinnithe seo chun eolas a scaipeadh agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

## Cruinnithe agus Imeachtaí Gnó

**Le linn 2016:**

D'fhreastal foireann Gaillimh le Gaeilge ar 56 chruinniú agus 32 imeacht gnó. Cuireadh feasacht teanga agus eolas ar úsáid na Gaeilge chun cinn ag na hócáidí agus ba cruinnithe a ndearnadh freastal orthu.

## Afûk - Institiúid Cultúrtha, atá lonnaithe in Leeuwarden, An Fhreaslainn

Chas Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge, Bríd Ní Chonghóile le Mirjam Vellinga ó Afûk, Institiúid Cultúrtha, atá lonnaithe in Leeuwarden, An Fhreaslainn maraon le Marilyn Gaughan ó hoifig 'Gaillimh/Galway 2020' in oifig Ghaillimh le Gaeilge i mí na Samhna. Is í Leeuwarden príomhchathair na Freaslainne san Isiltír agus beidh an Chathair seo ainmnithe mar Phríomhcahthair Chultúir na hEorpa sa bhliain 2018. Tá an iliomad dualgais faoi bhráid an Institúid seo i gcur chun cinn na Freaslainne mórthimpeall an limistéir. Ina measc, eagraíonn siad cúrsaí ag leibhéil éagsúla don té a labhraíonn Freaslainnis agus don té ar bheagán focal. Ina theannta sin, bíonn siad ag plé leis an lucht gnó á ngríosú agus ag cur seirbhísí éagsúla ar fáil chun cuidiú leo an Freaslannach a chur cinn ina gcuid gnólachtaí.

Beidh Gaillimh le Gaeilge ag súil go mór le bheith ag comhoibriú agus ag malartú eolais leis an Institiúid Cultúrtha agus muid ag leanúint ar aghaidh ag déanamh ár gcion féin chun Gaillimh a ullmhú don stádas mar Phríomhchathair Chultúr na hEorpa sa bhliain 2020.



**Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge ag casadh le Mirjam Vellinga ó Afûk, Institiúid Cultúrtha, atá lonnaithe in Leeuwarden, An Fhreaslainn maraon le Marilyn Gaughan ó hoifig 'Gaillimh/Galway 2020' in oifig Ghaillimh le Gaeilge i mí na Samhna.**



## Cuairt Aire Forbartha Mori agus a chomhairleoirí sinsearacha ar Ghaillimh Dhátheangach

Chuir Gaillimh le Gaeilge fáilte go Gaillimh roimh thoscaireacht Mori ón Nua-Shéalainn, faoi thionlacan an Hon Te Ururoa Flavell, Aire Forbartha Mori agus a chomhairleoirí sinsearacha. Bhí an toscaireacht ar thuras taighde go hÉirinn agus go dtí An Bhreatain Bheag chun fáil amach go díreach céard atá á dhéanamh ag grúpaí sna tíortha sin chun a dteangacha dúchasacha a athbheochan. I measc na toscaireachta bhí urlabhraí ó Ghníomhaireacht Chistiúcháin Chraoltóireachta, comhairleoirí Rialtas na Nua-Shéalainne agus gníomhaireachtaí forbartha.

Chas Bríd Ní Chonghóile ó Ghaillimh le Gaeilge leis an toscaireacht agus thug sí cur i láthair ar úsáid na Gaeilge sa chéad chathair in Éirinn le stádas dátheangach. Chas siad le Clíona Ní Mhurchú, Bainisteoir Réigiúnach le Top Oil, buaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2016 agus labhair sí faoi na buntáistí a bhaineann le húsáid na Gaeilge sa ghnó.

I rith a gcuid ama i nGaillimh, thug siad cuairt ar Choláiste na Coiribe, chas siad le Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Bernadette Mullarkey agus an Stiúrthóir Iognáid Ó Muircheartaigh, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Conor O'Dowd, Maeve Joyce, Príomhfheidhmeannach Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Alan Esslemont, Ard-Stiúrthóir le TG4 agus an Dr Aodhán Mac Cormaic, Stiúrthóir Gaeilge, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chomh maith le hEileen Ruane, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí agus Ailish Bhreathnach, Oifigeach Gaeilge ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Chas siad le hAire Stáit na Gaeltachta Seán Kyne TD le haghaidh lóin i Vina Mara, an tSráid Láir, Gaillimh.




**Iggy Ó Muircheartaigh, Stiúrthóir, Gaillimh le Gaeilge agus Bernadette Mullarkey, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge ag casadh leis an Hon Te Ururoa Flavell, Aire Forbartha Māori agus é ar cuairt i nGaillimh.**




**Rinne Bríd Ni Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, agus Dr Aodhán Mac Cormaic, Stiúrthóir na Gaeilge, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta cur i láthair don thoscaireacht Māori ón Nua-Shéalainn, faoi thionlacan an Hon Te Ururoa Flavell, Aire Forbartha Māori agus a chomhairleoirí sinsearacha ar an gcaoi a bhfuil an Ghaeilge á athbheochan i nGaillimh agus in Éirinn.**

# 10 FOILSEACHÁIN 2016




An nuachtlitir mhíosúil a sheoltar amach chuig ár bpostliosta sa phost agus go leictreonach ar ríomhphost. Coinníonn sé pobal na Gaillimhe agus iad siúd a bhfuil suim acu inár gcuid oibre ar an eolas maidir lenár dtograí, imeachtaí agus nuacht. Bhí 11 foilseachán de 'DEIS' seolta amach chuig os cionn 400 Cairde, an lucht Gnó, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhairleoirí i nGaillimh in 2016.

## DIALANN 2017

Scaiptear os cionn 270 cóip den Dhialann i measc Chairde Ghaillimh le Gaeilge maraon le Comhairleoirí, Polaiteoirí áitiúla, lucht gnó agus ionadaithe eile i nGaillimh saor in aisce go luath i mí na Nollag. Tá Dialann Ghaillimh le Gaeilge maoinithe go hiomlán ag fógraí. Bhí os cionn 270 cóip den Dialann scaipthe saor in aisce ar ár gCairde, an lucht gnó, polaiteoirí an cheantair agus lucht tacaíochta.

## Fógróirí 2017

- AIB
- An Coimisinéir Teanga
- Bácus Uí Ghríofa
- Bus Éireann
- CARN Financial Services
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Comhar Creidmheasa Naomh Antoine agus an Chladaigh Teo
- Faherty Paints
- Foras na Gaeilge
- Galway Advertiser
- Ionad na Faiche Móire
- Ollmhargadh na Seoighe
- Údarás na Gaelta
- Ollscoil na hÉireann Gaillimh
- Orla Murray Financial Services
- Óstán an Ardoileáin
- Radisson Blu
- Snap Galway
- TG4
- The Kings Head
- Tigh Taaffes


Aibreán 2016

deis
Nuachtlitir Ghaillimh le Gaeilge

Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh

**Seo chugaibh an Gearrliosta**

MIONDÍOL / RETAIL

FÁILTEACHAS & TURASÓIREACHT / HOSPITALITY AND TOURISM

SEIRBHÍSÍ / SERVICES

COMHLACHTAÍ EILE / OTHER COMPANIES

#GRMAGaillimh





| Eagrán | Nuachtán |
|---|---|
| 29/12/2016 | Galway Advertiser |
| 28/12/2016 | Galway Independent |
| 21/12/2016 | Galway Independent |
| 26/11/2016 | Galway City Tribune |
| 24/11/2016 | Galway Advertiser |
| 23/11/2016 | Galway Independent |
| 19/11/2016 | Galway City Tribune |
| 09/11/2016 | Galway Independent |
| 27/10/2016 | Galway Advertiser |
| 14/10/2016 | Galway City Tribune |
| 05/10/2016 | Galway Independent |
| 08/07/2016 | Galway City Tribune |
| Iúil 2016 | Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála |
| 06/07/2016 | Galway Independent |
| 01/07/2016 | Galway City Tribune |
| 30/06/2016 | Galway Advertiser |
| 27/06/2016 | ThisIsGalway.com |
| 22/06/2016 | Galway Independent |
| 20/06/2016 | The Guardian- Páipéar Sasanach |
| 16/06/2016 | Cumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 20/05/2016 | Galway City Tribune |
| 19/05/2016 | Galway Advertiser |
| 18/05/2016 | Galway Independent |
| 15/05/2016 | The Sunday Business Post |
| 12/05/2016 | Galway Advertiser |
| 11/05/2016 | Galway Independent |

| Eagrán | Nuachtán |
|---|---|
| Bealtaine 2016 | Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála |
| 05/05/2016 | Galway Advertiser |
| 15/04/2016 | Galway City Tribune |
| 14/04/2016 | Galway Advertiser |
| 13/04/2016 | Galway Independent |
| 10/04/2016 | The Sunday Business Post |
| 07/10/2016 | Galway Advertiser |
| Aibreán 2016 | Cumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 06/04/2016 | Galway Independent |
| 07/04/2016 | Seachtain (Forlíonadh Iirsh Independent) |
| 08/04/2016 | Galway Advertiser |
| 09/04/2016 | Galway Independent |
| 10/04/2016 | Galway Advertiser |
| 11/04/2016 | Galway Independent |
| 12/04/2016 | Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála |
| 13/04/2016 | Sunday Business Post |
| 12/02/2016 | Galway City Tribune |
| 10/02/2016 | Galway Independent |
| 08/02/2016 | Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála |
| 31/01/2016 | The Sunday Business Post |
| 28/01/2016 | Cumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 22/01/2016 | Galway City Tribune |
| 21/01/2016 | Galway Advertiser |
| 20/01/2016 | Seachtain Forlíonadh Irish Independent |
| 14/01/2016 | Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála |
| 13/01/2016 | Galway Independent |

# **Buaicphointí** Ghaillimh le Gaeilge **2016**

**Stádas dátheangach chathair na Gaillimhe a chothú agus a threisiú. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, clostuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

| Dáta | Meáin ar líne/ teilifís/ raidió |
|---|---|
| 05/12/2016 | Galway Bay Fm |
| 05/12/2016 | TG4 |
| 05/12/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 02/12/2016 | TG4 |
| 02/12/2016 | Raidió na Life |
| 01/12/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 14/11/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 14/11/2016 | This is Galway |
| 14/11/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 12/10/2016 | Raidió na Life |
| 11/10/2016 | Raidió Fáilte |
| 02/08/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 15/07/2016 | TG4- Nuacht |
| 24/06/2016 | Tuairisc.ie |
| 09/06/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta- Nuacht |
| 13/05/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta- Nuacht |
| 13/05/2016 | Galway Bay Fm - Nuacht |
| 13/05/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 13/05/2016 | Galway Bay FM |
| 11/05/2016 | Galway Bay FM- Molly in the morning |
| 09/05/2016 | Galway's Tribe |
| 05/05/2016 | Galway Bay Fm |
| 13/04/2016 | Raidió Fáilte |
| 12/04/2016 | This is Galway |

| Dáta | Meáin ar líne/ teilifís/ raidió |
|---|---|
| 08/04/2016 | Tuairisc.ie |
| 07/04/2016 | Galway Bay FM- Nuacht |
| 07/04/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 07/04/2016 | Galway Bay Fm- Molly in the morning |
| 05/04/2016 | Irish TV |
| 23/03/2016 | NÓS |
| 07/03/2016 | TG4 |
| 07/03/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 03/03/2016 | Raidió na Life |
| 24/02/2016 | Nuacht a hAon- RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 15/02/2016 | Nuacht Galway Bay FM- FYI Galway |
| 14/02/2016 | Nuacht Galway Bay FM |
| 15/02/2016 | Galway Bay FM |
| 10/02/2016 | Smart City Galway |
| 10/02/2016 | Galwaycity.ie |
| 26/01/2016 | Raidió Fáilte |
| 26/01/2016 | Galway Bay FM- Molly in the morning |
| 25/01/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta - Irish Aniar |
| 22/01/2016 | Galway Bay FM |
| 20/01/2016 | Galway Bay FM- Molly in the morning |
| 18/01/2016 | Galway Bay FM- Nuacht |
| 13/01/2016 | Tuairisc.ie |
| 01/12/2016 | Connacht Tribune- Suíomh Gréasáin |
| 01/12/2016 | Galway Bay FM- Suíomh Gréasáin |
| 01/12/2016 | RTÉ Raidió na Gaeltachta- Adhmhaidin |
| 01/12/2016 | Galway Bay FM |



Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uile i gCathair na Gaillimhe atá ag déanamh sároibre i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh air sin ag cur Cathair na Gaillimhe chun cinn mar Chathair Dhátheangach.

**Bord Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge**

## Dlúthchairde Ghaillimh le Gaeilge, 2016